Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6798/26**

**TELECOM 93**
**ELARG 26**
**COWEB 22**
**MI 187**
**COMPET 248**
**CONSOM 58**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Feabhra 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 79 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe aonair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 79 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 79 final

* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.2.2026
COM(2026) 79 final

Moladh le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe aonair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste**

---

* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

- **Forais agus cuspóirí an mholta**

Is scéal ratha Eorpach é an beartas fánaíochta, rud a chuireann ar chumas na milliún tomhaltóirí agus gnólachtaí san Aontas leanúint de bheith nasctha ina saol laethúil gan formhuirir sa mhargadh aonair digiteach. Ón 15 Meitheamh 2017, tá rochtain ag cónaitheoirí an Aontais ar sheirbhísí móibíleacha (guthghlaonna, SMS agus sonraí) gan aon chostas breise agus iad ag taisteal ó am go céile san Aontas. Tugtar faoi deara freisin sa Rialachán Fánaíochta (AE) 2022/612 go bhfuil muirir fánaíochta le tríú tíortha fós ard. Cumhdaíonn limistéar fánaíochta an Aontais an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) cheana féin agus leathnaíodh é chun an Úcráin agus an Moldóiv a chumhdach ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. D'éirigh leis an Úcráin agus leis an Moldóiv araon a gcórais dlí baile a chomhfhogasú do *acquis*[1] fánaíochta an Aontais.

Bhunaigh na sé cinn de chomhpháirtithe[2] na mBalcán Thiar (WB6) limistéar réigiúnach Fánaíochta ar Tháille Baile, rud a mhacasamhlaíonn go héifeachtach córas Fánaíochta ar Tháille Baile an Aontais amhail ón 1 Iúil 2021. Thairis sin, i mí na Nollag 2022, shínigh oibreoirí an Aontais agus WB6 comhaontú deonach fánaíochta le haghaidh muirir fánaíochta sonraí miondíola níos ísle idir an tAontas agus WB6, comhaontú ar cuireadh tús lena chur i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023.

Tá dlúthnaisc ag an Aontas lena chomhpháirtithe WB6 a bhfuil peirspictíocht lánpháirtíochta Eorpaí acu freisin, rud atá comhtháite sna Comhaontuithe déthaobhacha Cobhsaíochta agus Comhlachais (CCCanna)[3] faoi seach. Tá stádas mar iarrthóir ag cúig cinn de na sé chomhpháirtí WB6, agus is iarrthóir ionchasach í an Chosaiv[*].

Is é is aidhm do CCCanna trádáil a oscailt agus an réigiún a ailíniú le caighdeáin an Aontais. Soláthraíonn siad an creat foriomlán don chaidreamh idir an tAontas agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar. Sna 6 CCC, tá oibleagáid chun an comhar a neartú i réimse na líonraí

---

1 Ó leathnaíodh limistéar fánaíochta an Aontais chun tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a chumhdach, ceanglaítear ar na tíortha sin '*acquis* fánaíochta an Aontais', mar a thugtar air, a ionchorprú ina ndlí náisiúnta. Áirítear in '*acquis* fánaíochta an Aontais' Rialachán Fánaíochta (AE) 2022/612, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/2286 ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún, chomh maith le forálacha áirithe de Rialachán BEREC (AE) 2018/1971 agus den Chód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach (AE) 2018/1972.

2 Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia.

3 An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAlbáine, den pháirt eile, IO L 107 28.4.2009, lgh. 166- 502; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine, den pháirt eile IO L 0084, 20. 03. 2004, lgh. 13-197; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Mhontainéagró, den pháirt eile IO L 108, 29.4.2010, lgh. 3-354 ; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Seirbia, den pháirt eile, IO L 278 18.10.2013, lgh. 16-502 ; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, den pháirt eile, IO L 164, 30.6.2015, lgh. 2–547 ; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus an Chosaiv, den pháirt eile, IO L 71, 16.3.2016, lgh. 3–321.

* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

cumarsáide leictreonaí agus na seirbhísí gaolmhara[4], agus é ina chuspóir deiridh ag na comhpháirtithe WB6 faoi seach *acquis* an Aontais a ghlacadh sna hearnálacha sin. Mar sin féin, ní chuireann na CCCanna bunús dlí iontaofa ar fáil chun limistéar fánaíochta an Aontais a leathnú chun comhpháirtithe WB6 a chumhdach. Dá bhrí sin, moltar go dtabharfaidh an tAontas comhaontú earnála maidir le fánaíocht i gcrích le gach ceann de na sé cinn de chomhpháirtithe na mBalcán Thiar, lena soláthrófaí an creat agus na coinníollacha chun margaí na bPáirtithe a oscailt go cómhalartach i ndáil le hearnáil na fánaíochta ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste. Ba cheart na comhaontuithe a mholtar a bheith fréamhaithe i gcreat na CCCanna atá ann cheana.

Ba cheart an oscailt a bheith coinníollach go háirithe ar chur chun feidhme iomlán *acquis* fánaíochta an Aontais, rud a chaithfí a dheimhniú trí mheasúnú cuimsitheach dearfach a fháil ón Aontas, rud a bheadh le déanamh ag an gCoimisiún. A luaithe a dhéanfar measúnú dearfach i ndáil le comhpháirtí WB6, thabharfaí de chumhacht don Chomhchomhlacht atá freagrach faoi na comhaontuithe cinneadh a dhéanamh maidir leis an oscailt chómhalartach. Ba cheart a áireamh sna comhaontuithe freisin oibleagáid ar WB6 ailíniú dinimiciúil a choinneáil ar bun le *acquis* fánaíochta an Aontais de réir mar a thiocfaidh forbairt air amach anseo tar éis limistéar fánaíochta an Aontais a leathnú faoi dheireadh agus foráil a dhéanamh maidir leis an deis, na coinníollacha agus an nós imeachta don Aontas na tairbhí faoi na comhaontuithe fánaíochta a chur ar fionraí, go háirithe i gcás nach gcomhlíonfaidh comhpháirtí WB6 a oibleagáid *acquis* ábhartha an Aontais atá ionchorpraithe sa chomhaontú a chur chun feidhme. Chuige sin, ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh ar bhonn Airteagal 258 CFAE. I gcás nach gcomhlíonann WB6 rialú ó CBAE, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún codanna den chomhaontú a chur ar fionraí gan ceanglais bhreise.

Ba cheart foráil a dhéanamh sna comhaontuithe freisin maidir le creat institiúideach agus coimircí atá múnlaithe de réir Chonarthaí an Aontais chun neamhspleáchas agus léirmhíniú aonfhoirmeach acquis fánaíochta an Aontais a chosaint agus chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt go héifeachtach i gcás neamhchomhlíonta. Ach WB6 a bheith toilteanach agus réidh príomhshásraí dhlí an Aontais a ionchorprú ina ndlíchórais, cuirfear ar a gcumas dóibh a léiriú go bhfuil siad ullamh chun na freagrachtaí a bhaineann le ballraíocht san Aontas a ghlacadh chucu féin.

Ba cheart do gach ceann de chomhpháirtithe WB6 a áirithiú go mbeidh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag gníomhartha dlí an Aontais a shonraítear sna comhaontuithe agus atá acu i ndlíchóras Ballstáit de bhun Airteagal 288 CFAE agus de bhun chásdlí na Cúirte Breithiúnais. I gcás ina gcruthaítear, leis na gníomhartha atá i gceist, cearta agus oibleagáidí ar féidir le daoine aonair iad a agairt os comhair chúirteanna náisiúnta na mBallstát gan gá le cur chun feidhme breise ó Bhallstát, ba cheart, leis na forálacha sin, cearta agus oibleagáidí a chruthú freisin ar féidir le daoine aonair iad a agairt os comhair chúirteanna náisiúnta gach ceann de chomhpháirtithe an Aontais gan gá le cur chun feidhme breise.

Ba cheart na comhaontuithe a thabhairt i gcrích go ceann tréimhse éiginnte. Ba cheart sásraí láidre maidir le fionraí agus foirceannadh a bheith iontu. Ba cheart a leagan síos leo sin na coinníollacha agus na nósanna imeachta faoina bhféadfaidh an tAontas cur i bhfeidhm na

[4] Airteagal 104 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais le Poblacht na hAlbáine; Airteagal 95 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais le Poblacht na Macadóine Thuaidh; Airteagal 106 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais le Montainéagró; Airteagal 106 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais le Poblacht na Seirbia; Airteagal 104 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin; Airteagal 111 den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais leis an gCosaiv.

gComhaontuithe a chur ar fionraí, go hiomlán nó go páirteach, chomh maith leis an nós imeachta agus na tréimhsí fógra chun na Comhaontuithe a fhoirceannadh.

Tá an moladh seo i gcomhréir freisin leis an bPlean Fáis do na Balcáin Thiar[5], a ghlac an Coimisiún i mí na Samhna 2023. An Plean Fáis nua, déanann, déantar foráil ann maidir leis an réigiún a chomhtháthú de réir a chéile i réimsí sonracha de mhargadh aonair an Aontais, faoi réir dul chun cinn maidir le comhtháthú réigiúnach eacnamaíoch agus ailíniú le *acquis* ábhartha an Aontais, chomh maith le hacmhainneachtaí riaracháin agus nósanna imeachta leordhóthanacha a bhunú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá limistéar fánaíochta an Aontais leathnaithe cheana féin ag an Aontas chuun tíortha laistigh de LEE a chumhdach agus chuig roinnt tíortha is iarrthóirí.

Chuir an Coimisinéir Gabriel na gealltanais maidir le fánaíocht in WB6 cheana féin

faoin gClár Oibre Digiteach do na Balcáin Thiar in 2018, mar cheann de na 6 thionscnamh shuaitheanta de chuspóirí rannpháirtíochta sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le peirspictíocht inchreidte faoi mhéadú do na Balcáin Thiar agus rannpháirtíocht fheabhsaithe an Aontais leis na Balcáin Thiar. In 2023, ghlac an Coimisiún an Plean Fáis do na Balcáin Thiar lenar cruthaíodh pacáiste beart a threisíonn a chéile, rud a chuir tuilleadh deiseanna ar fáil do chomhpháirtithe WB6 tairbhiú de chóir an mhargaidh inmheánaigh roimh dóibh a bheith ina mBallstáit den Aontas. Faoin bPlean Fáis, gheall an tAontas deimhneacht dhlíthiúil a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus d'oibreoirí trí theacht ar réiteach dlíthiúil maidir le socrú fánaíochta fadtéarmach chun na Balcáin Thiar a chur san áireamh i limistéar Fánaíochta ar Tháille Baile an Aontais, agus gealltanais trádála idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh á n-urramú go hiomlán. Athdhearbhaíodh é sin ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Nollag 2024, nuair a d'iarr na ceannairí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun socrú fánaíochta fadtéarmach a fhorbairt lena n-áireofaí an réigiún i limistéar Fánaíochta ar Tháille Baile an Aontais.

Le déanaí i mí an Mheithimh 2025, chinn an Chomhairle Eorpach[6] go ndéanfaí an lánpháirtiú de réir a chéile idir an tAontas agus an réigiún a chur chun cinn, le linn phróiseas an mhéadaithe agus ar bhealach fiúntasbhunaithe. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, dlús a chur leis an bpróiseas agus céimeanna nithiúla a ghlacadh chun na gealltanais pholaitiúla sin a chomhlíonadh trí na comhaontuithe earnála a chaibidliú. Cuirfidh na comhaontuithe earnála ar a gcumas do shaoránaigh an Aontais agus shaoránaigh WB6 tairbhiú den fhánaíocht agus iad ag taisteal sa limistéar leathnaithe Fánaíochta ar Tháille Baile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

An comhbheartas tráchtála:

Leis an moladh seo, cuirtear chun feidhme comhbheartas tráchtála an Aontais i leith comhpháirtithe WB6 agus tíortha is iarrthóirí, rud a chuireann le forálacha na CCCanna thuasluaite. Tacaíonn sé le hailíniú rialála de réir a chéile le *acquis* an Aontais mar a leagtar amach sna Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais agus tá sé comhsheasmhach leis an gcuspóir rochtain fheabhsaithe a thabhairt ar Mhargadh Aonair an Aontais, mar a leagtar amach sa Phlean Fáis do na Balcáin Thiar.

Méadú an Aontais:

5 COM(2023) 691
6 https://www.consilium.europa.eu/en/meetings/european-council/2025/06/26/

Is beartas lárnach de chuid an Aontais Eorpaigh i gcónaí é an méadú, rud a chuireann leis an tslándáil, leis an tsíocháin, leis an gcobhsaíocht agus leis an rathúnas san Eoraip san fhadtéarma. Cuireadh dlús nua le próiseas an mhéadaithe le linn 2023 agus 2024. Le cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, cuireadh i dtábhacht an gá atá le WB6 a thabhairt níos gaire don Aontas agus dlús a chur lena bpróiseas aontachais. Faoi láthair, tá stádas 'tír is iarrthóir' ag cúig cinn de thíortha WB6, agus tá stádas 'tír is iarrthóir ionchasach' ag an gCosaiv.

Is féidir dlús a chur le haontachas WB6 trí athchóirithe a bhaineann leis an Aontas i measc chomhpháirtithe WB6, agus tríd an deis cuid de na tairbhí a bhaineann le ballraíocht den Aontas a thabhairt chun cinn, rud is féidir le saoránaigh WB6 a bhrath. Chun dlús a chur le luas phróiseas an mhéadaithe, tá an tAontas ag cur ar a gcumas do na comhpháirtithe dlús a chur lena n-athchóirithe agus lena n-infheistíochtaí, agus lena n-ailíniú le *acquis* an Aontais. Má dhéantar i gceart é, ba cheart go mbeadh na comhpháirtithe agus a saoránaigh in ann tairbhiú de lánpháirtiú de réir a chéile roimh aontachas leis an Aontas. Is dlúthchuid den chonair aontachais é lánpháirtiú de réir a chéile agus é beartaithe leis dlús a chur le haontachas na dtíortha is iarrthóirí atá tiomanta go hiomlán don chuspóir sin agus a lánpháirtiú le margadh inmheánach an Aontais a dhéanamh níos réidhe. Tá na comhaontuithe earnála atá molta faoi réir a bhfoirceanta, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

Eilimintí bunriachtanacha de na comhaontuithe sin is ea urraim do phrionsabail an daonlathais, do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus urraim do phrionsabail an smachta reachta mar a shonraítear i bhforálacha na CCCanna faoi seach[7].

I bhfianaise thábhacht shuntasach na timpeallachta geostraitéisí, a bhí agus atá fós ina spreagadh don aontachas i gcomhthéacs domhanda an lae inniu, tugann an Coimisiún dá aire a thábhachtaí atá dul chun cinn WB6 i réimsí atá an-ábhartha do chuspóirí geostraitéiseacha an Aontais, go háirithe ailíniú le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais (CBES) agus le príomhchuspóirí eile a bhaineann le beartais an Aontais maidir le teileachumarsáid, chomh maith le réimsí eile atá nasctha le bunphrionsabail an phróisis aontachais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Foráiltear le hAirteagal 218(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcás nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n- údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n- ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

[7] An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus **Poblacht na hAlbáine**, den pháirt eile - Prótacail – Dearbhuithe, IO L 107 28.4.2009, lgh. 166-502, Airteagal 2. An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus **an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin**, den pháirt eile, IO L 164, 30.6.2015, lgh. 2-547, Airteagal 2; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus **an Chosaiv***, den pháirt eile, IO L 71, 16.3.2016, lgh. 3–321, Airteagal 3; 2010/224/, An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus **Poblacht Mhontainéagró**, den pháirt eile, IO L 108 29.4.2010, lgh. 3–354, Airteagal 2; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus **Poblacht Iar-Iúgslavach na Macadóine**, den pháirt eile (IO L 084 20.3.2004, lch. 13), Airteagal 2; An Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus **Poblacht na Seirbia**, den pháirt eile, IO L 278 18.10.2013, lgh. 16–473, Airteagal 2

Foráiltear le hAirteagal 218(4) CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Tá an Coimisiún ag moladh tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia, faoi seach, chun sé chomhaontú idirnáisiúnta dhéthaobhacha a thabhairt i gcrích a bhaineann le fánaíocht idirnáisiúnta ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

Ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí.

Is é Airteagal 218(3) agus (4) CFAE bunús dlí an chinnidh a moladh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

- **Bunús dlí substainteach**

Is é is cuspóir do na comhaontuithe atá beartaithe lánpháirtiú breise margaidh a dheonú i réimse na trádála i seirbhísí agus go háirithe an WB6 a chomhtháthú sa mhargadh inmheánach i ndáil le fánaíocht. Dá bhrí sin, tagann caibidlíocht na gcomhaontuithe sin faoin gcomhbheartas tráchtála.

Ar an gcúis sin, déantar foráil maidir leis an mbunús dlí substaintiúil leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 207(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Rogha an idirbheartaí**

Ós rud é nach gcumhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair seachas an comhbheartas eachtrach agus slándála, ní mór an Coimisiún a ainmniú mar an t- idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) CFAE.

- **Inniúlacht an Aontais**

Tá an comhbheartas tráchtála liostaithe i measc inniúlacht eisiach an Aontais faoi Airteagal 3(1)(e) CFAE. Ós rud é go dtagann na comhaontuithe atá beartaithe faoi shainchúram an chomhbheartais tráchtála, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann caibidlíocht comhaontuithe idirnáisiúnta lena gcumhdaítear gealltanais maidir le soláthar seirbhísí i réimse na fánaíochta faoi raon feidhme an chomhbheartais tráchtála agus, dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach í i gcomhréir le hAirteagal 3(1) CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

- **Comhréireacht**

Ní théann caibidlíocht na gcomhaontuithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach nó iomchuí chun cuspóirí beartais an chomhbheartais tráchtála a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cuirtear an moladh sin le haghaidh cinneadh ón gComhairle isteach i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 d'Airteagal 218 CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n- údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n- ainmneofar idirbheartaí an Aontais.

Féadfaidh an Chomhairle treoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh sin a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

Ní raibh gá le Measúnuithe Tionchair le haghaidh an phróisis chomhchosúil leis an Úcráin agus leis an Moldóiv ar margadh atá sa dá thír sin le chéile ina bhfuil thart ar 40 milliún úsáideoir deiridh. I margaí WB6 tá thart ar 18 milliún úsáideoir deiridh. Céim de réir a chéile ar chonair aontachais WB6 is ea lánpháirtiú WB6 i margadh aonair an Aontais. Sainaithníodh comhaontuithe earnála mar an réiteach dlíthiúil inmharthana, lena bhféadfaí an lánpháirtiú sin a dhéanamh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an moladh.

Moladh le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontuithe aonair idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv*, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur le caibidlíocht d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh agus Poblacht na Seirbia, faoi seach maidir le fánaíocht ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht thar ceann an Aontais maidir le comhaontuithe i ndáil le fánaíocht a dhéanamh ar líonraí poiblí cumarsáide soghluaiste le Poblacht na hAlbáine, leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, leis an gCosaiv, le Montainéagró, le Poblacht na Macadóine Thuaidh agus le Poblacht na Seirbia, faoi seach.

*Airteagal 2*

Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san Aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

*Airteagal 4*

Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gCoiste Speisialta dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 207(3) CFAE.

---

* Tá an t-ainmniú sin gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244/1999 agus leis an tuairim ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

*Airteagal 5*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*